Scéimeanna pinsean príobháideacha

A ról i bpinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe

An Coimisiún Eorpach

Tá tacaíocht ag an bhfoilseachán seo ó chlár an Chomhphobail Eorpaigh um fhostaíocht agus dlúthpháirtíocht shóisialta (2007-13) (Progress). Déanann Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna sa Choimisiún Eorpach bainistíocht ar an gclár seo. Bunaíodh é chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d'fhorfheidhmiú chuspóirí an Aontais Eorpaigh sa réimse fostaíochta agus gnóthaí sóisialta, mar atá leagtha amach sa chlár oibre sóisialta, agus mar sin cabhraíonn sé chun spriocanna straitéis Liospóin a bhaint amach sna réimsí seo.

Díríonn an clár seacht-mbliana ar gach páirtí leasmhar atá in ann cúnamh a thabhairt chun cruth a chur ar fhorbairt reachtaíocht agus beartais sóisialta agus fostaíochta atá iomchuí agus éifeachtach, agus é sin a dhéanamh ar fud 27 Ballstát an AE, LSE-LEE (EFTA-EEA) agus tíortha is iarrthóirí agus réamh-iarrthóirí an AE.

Is é an misean atá ag Progress ná cúnamh an AE a neartú mar thaca le tiomantais agus le hiarrachtaí na mBallstát tuilleadh poist agus poist níos fearr a chruthú agus sochaí níos comhtháite a thógáil. Chuige sin, beidh baint ag Progress leo seo a leanas:

- anailís agus comhairle beartais a chur ar fáil maidir le réimsí beartais Progress;
- monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fhrofheidhmiú reachtaíocht agus beartais an AE i réimsí beartais Progress;
- aistriú beartais, foghlaim agus tacaíocht a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí an AE; agus
- tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus na sochaí trí chéile a thabhairt.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach:
http://ec.europa.eu/progress

Scéimeanna pinsean príobháideacha

A ról i bpinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe

An Coimisiún Eorpach

Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna

Aonad E.4

Lámhscríbhinn arna críochnú i Nollaig 2009

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© grianghraif 123RF

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart na gComhphobal Eorpach, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir saorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá cuid mhaith eile eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon.

Tá sonraí catalógaithe chomh maith le hachoimre ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2010

ISBN 978-92-79-15188-0
doi:10.2767/4902

© An tAontas Eorpach, 2010
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

Printed in Belgium

Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán saor ó chlóirín dúilí (ECF)

CLÁR

Réamheolas **4**

Scéimeanna pinsean príobháideacha **6**

Tá fás ar ról na scéimeanna pinsean príobháideacha... 6

... ach tá athrú air 7

Leordhóthanacht a urrú i scéimeanna cistithe arna mbainistiú go príobháideach **10**

Leibhéil chlúdaigh agus ranníocaíochta **10**

Leibhéil phinsean: gnó rioscúil **11**

Dul i ngleic le riosca sos gairme **12**

Riosca fad saoil: an chéim íoca **14**

Cosnaíonn blianachtaí agus sin amháin i gcoinne riosca fad saoil. 15

An riosca airgeadais a chomhardú **16**

Riosca, urrús agus inacmhainneacht a chomhordú 17

Leibhéil sochair a chosaint 17

An éifeacht a bhaineann le táillí agus costais **18**

Caidhpeáil ar tháillí 18

Oideachas airgeadais níos fearr ag teastáil **19**

Oideachas airgeadais a chur chun cinn. 19

Eolas feabhsaithe 20

Éifeacht an bheartais chánaigh **20**

Tá sochair na ndreasachtaí cánacha éiginnte 21

Monatóireacht níos fearr ag teastáil. **22**

Éifeacht na géarchéime **24**

Conclúidí **26**

Réamheolas

Chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le haosú daonra, tá an Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Sóisialta (SPC) ag obair le Ballstáit chun tacú le, agus monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar leasú na gcóras pinsean leis an dá chuspóir pinsin leordhóthanacha a fhorbairt agus inbhuanaitheacht fad saoil a chinntiú sna córais pinsean. I gcúrsa na hoibre chun na cuspóirí comhaontaithe go coitianta a bhaint amach le haghaidh soláthar pinsean, rinne an SPC scrúdú ar an gcuid ba mhó de ghnéithe maidir le dúshláin i ndáil le beartas le haghaidh scéimeanna reachtúla arna mbainistiú go poiblí atá maoinithe ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Tá sé sin ar aon dul leis an bhfíric go dtagann formhór an ioncaim a fhaigheann pinsinéirí inniu ó scéimeanna den chineál seo. Go deimhin is mar a chéile an cás seo sna tíortha sin (e.g. an Danmhairg, Éire, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe) inar tugadh ról oifigiúil suntasach i soláthar iomlán do sholáthar príobháideach ón tús.

Le deich mbliana anuas, áfach, mar chuid de leasuithe chun inbhuanaitheacht na gcóras pinsean a neartú, theastaigh ó líon mór Ballstát na comhpháirtithe sóisialta agus na saoránaigh indibhidiúla a bheith bainteach níos dírí le soláthar pinsean tríd an ról sa todhchaí a bhaineann le scéimeanna réamhchistithe arna mbainistiú go príobháideach a mhéadú.

Agus iad ag méadú go geilleagrach, tá aird níos mó á thabhairt do ghnéithe réamhchistithe agus caiteachas cánach na scéimeanna seo ó údaráis a bhfuil freagracht orthu as margaí airgeadais agus seirbhísí nó as buiséid phoiblí. Maidir leis an SPC, i gcodarsnacht leis sin, tá sé ábhartha súil níos géire a chaitheamh ar an tslí a chuireann na scéimeanna cistithe arna mbainistiú go príobháideach le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht pinsean agus go háirithe béim a leagan ar roinnt buncheisteanna i scéimeanna cistithe arna mbainistiú go príobháideach, ar chóir iad a mháistriú más rud é go n-éireoidh go maith leo mar fheithiclí um chosaint sóisialta.

I mí Aibreáin 2008, ghlac an SPC tuarascáil ar ar tugadh 'Scéimeanna cistithe arna mbainistiú go príobháideach agus a ranníocaíocht chuig pinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe'. Agus í dírithe ar Bhallstáit, theastaigh ón tuarascáil seo béim a leagan ar roinnt de na ceachtanna faoi phinsin phríobháideacha agus chistithe.

De bhrí go raibh an tuarascáil ag díriú ar rioscaí féideartha a bhaineann go dlúth le leordhóthanacht iomlán i réamhchistiú, tá níos mó imní ann faoi phinsin phríobháideacha a bhaineann le hinbhuanaitheacht bhunúsach de ghnáth. Maidir leis an laghdú tobann 15–35 % a tháinig ar leabharluach shócmhainní ciste pinsean mar gheall ar an ngéarchéim airgeadais sa ráithe dheireanach in 2008, leag an méid sin béim ar leochaileacht bhunúsach i réamhchistiú mar fheithicil chistithe agus mhórlaghdaigh sé muinín an phobail i scéimeanna arna mbainistiú go príobháideach.

Is príomhthosaíochtaí iad scéimeanna a athchóiriú chun sócmhainneachta, agus an fhéidearthacht a sheachaint go mbeadh urraitheoirí (fostóirí, ceardchumainn, baill) ag tarraingt amach nó go mbeadh laghdú ar fhóirdheontais (caiteachas cánach), mar féadfar go mbeadh baol ann nach mbeadh na scéimeanna seo in ann teacht slán. Is léir go gcinnfidh téarnamh geilleagrach, lena n-áirítear margaí airgeadais, mórán den chumas chun sócmhainneacht a athbhunú. Ach beidh éileamh ar mheicníochtaí a ligfidh do scéimeanna déileáil níos fearr le croití geilleagracha trí na costais a riar i measc na bpáirtithe leasmhara.

Ar an mbealach céanna, beidh gá le hathruithe ar dhearadh scéime agus straitéisí infheistíochta chun an nochtadh riosca a laghdú a bhaineann le coigilteoirí pinsean.

Teastaíonn ón leabhrán beag seo béim a leagan ar chuid de na buncheisteanna is gá a mháistriú más rud é go dtógfaidh scéimeanna réamhchistithe arna mbainistiú go príobháideach ról ranníocóirí tábhachtacha na bpinsean leordhóthanacha agus inbhuanaithe arna bheartú dóibh i mórán Ballstát.

Pinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe

Baineann leordhóthanacht na bpinsean lena gcumas bochtaineacht agus eisiata shóisialta a sheachaint maidir leis an seanaois agus chun caighdeán maireachtála fiúntach a chinntiú do lucht scoir, a thugann deis dóibh páirt a ghlacadh i leas geilleagrach na tíre agus i saol poiblí, sóisialta agus cultúrtha. Chun go mbeadh pinsin inbhuanaitheach go sóisialta agus go polaitiúil, ní mór go mbeadh siad leordhóthanach. Chun go bhfanadh pinsin leordhóthanach ní mór go mbeadh siad inbhuanaitheach ó thaobh airgeadais, i.e. go bhféadfar iad a mhaoiniú gan maoiniú na mbunghnéithe eile a bhaineann le sochaithe inbhuanaithe a lagú. Bíonn córais phinsean ag teastáil ó phinsin leordhóthanacha don todhchaí arna maoiniú go hinbhuanaitheach i sochaithe a bhíonn ag dul in aois go tréan. Tá nasc dlúth idir leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na bpinsean.

Scéimeanna pinsean príobháideacha

Baineann éagsúlacht leathan le scéimeanna pinsean ar fud na mBallstát agus bíonn difríochtaí suntasacha le feiceáil ní hamháin ina struchtúr ach sna téarmaí a úsáidtear freisin. I dtéarmaí leathana, áfach, is féidir le hindibhidí tarraingt ar ioncaim scoir ó:

(1) scéimeanna reachtúla slándála sóisialta;

(2) scéimeanna pinsean gairme atá ceangailte leis an gconradh fostaíochta agus atá bunaithe den chuid is mó ar chomhaontú comhchoiteann;

(3) conarthaí coigiltis pinsin indibhidiúla le soláthróirí seirbhísí airgeadais, arna nascadh le cinntí deonacha, indibhidiúla.

Sa bhróisiúr seo, ciallaíonn an téarma 'scéimeanna pinsean príobháideacha' gach scéim réamhchistithe arna mbainistiú go príobháideach. Baineann an dá rud seo a leanas leis:

> gach scéim reachtúil (éigeantach) iomlánchistithe — cosúil leis an dara sraith de scéimeanna reachtúla ina ndéantar ranníocaíochtaí slándáil sóisialta a atreorú chuig cuntais indibhidiúla arna mbainistiú go príobháideach;

> scéimeanna cistithe forlíontacha (deonach) — gach pinsean gairme lena n-áirítear scéimeanna leabhar in áirithe mar aon le coigilteas indibhidiúil le haghaidh cuspóir pinsean, coigilteas pinsean go háirithe atá ceangailte le blianachtaí, ach gan táirgí coigiltis fadtéarmacha eile a chur san áireamh. I bhfocail eile, ní chlúdaíonn sé cúlchistí carntha laistigh de na scéimeanna poiblí íoc-mar-a-úsáidtear ná coigilteas fadtéarmach indibhidiúil nach bhfuil aon aidhm pinsean ar leith acu.

Tá fás ar ról na scéimeanna pinsean príobháideacha...

Sa chuid is mó de na Ballstáit, eagraítear comhréir ceannasach soláthar pinsean iomlán laistigh den rann rialtais ginearálta, ina bhfuil éifeacht shuntasach ar airgeadas poiblí. Go dtí luath sna 1990idí ní raibh ról suntasach ag na scéimeanna príobháideacha ach amháin sna córais phinsean sa Danmhairg, in Éirinn, san Ísiltír, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe, áiteanna nach raibh soláthar poiblí íoc-mar-a-úsáidtear ar dtús ach do phinsin bhunúsacha ag ráta comhréidh do gach duine, rud a spreag méadú ar sholáthar príobháideach, cibé an i bhfoirm pinsin ghairme chomhchoiteanna nó i gconarthaí árachais pinsin indibhidiúla. Go fóill, maidir le leasú na bpinsean le deich mbliana anuas i bhfreagairt ar aosú daonra, rinne i bhfad níos mó tíortha leathnú ar ról na scéimeanna príobháideacha atá ann faoi láthair nó tugadh isteach gnéithe nua a bhaineann le pinsin réamhchistithe arna mbainistiú go príobháideach ina gcórais pinsin. Tharla sé seo de ghnáth chun leordhóthanacht iomlán soláthar pinsin a fheabhsú trí chodanna príobháideacha a chur leis an soláthar poiblí nó chun cúiteamh a dhéanamh do laghduithe i rátaí athsholáthair scéimeanna poiblí sa todh-

chaí mar gheall ar leasuithe. Cúiseanna eile a luaigh Ballstáit a bhfuil cionmhaireacht shuntasach de mhaoiniú príobháideach ina gcórais – nó atá ag dul i dtreo a bheith ag brath níos mó ar mhaoiniú príobháideach – ná iad seo a leanas a bheith ag teastáil: éagsúlú soláthair, rogha a neartú, follasacht a fheabhsú agus freagracht níos fearr go hindibhidiúil a chothú. Go traidisiúnta, bhí soláthar pinsean príobháideach lánroghnach agus deonach nó roghnach ar aon dul lena luach saothair (scéimeanna gairme) nó ceannachán agus coigilteas indibhidiúil. Go fóill agus róil níos oifigiúla i soláthar príobháideach, tá méadú tagtha ar rialúchán poiblí agus tá laghdú tagtha ar na bunghnéithe a raibh amhras ag baint leo mar fheithiclí um chosaint sóisialta ó tharla go raibh clúdach ilroinnte ag baint leo agus leasa míchothroma agus neamhdhaingne.

Go deimhin d'athchruthaigh roinnt Ballstát a gcuid scéimeanna reachtúla le gairid (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSualainn) trí ghné éigeantach a thabhairt isteach sna scéimeanna cistithe pinsean arna mbainistiú go príobháideach. Cuireann an ghné seo le sraith neamhchistithe traidisiúnta. Chruthaigh siad meascán nua ar fad de rialúchán poiblí agus bainistíocht príobháideach sna pinsin Eorpacha, cé i bhformhór na gcásanna nach bhfuil an trasdul i gcrích fós agus tá roinnt cinntí ar bheartais le déanamh go fóill.

... ach tá athrú air

Tá éagsúlacht leathan ar ról reatha na scéimeanna pinsean príobháideacha ar fud na mBallstát, ní hamháin maidir lena ranníocaíocht d'ioncam iomlán na ndaoine atá ar scor ach i dtéarmaí leibhéil chlúdaigh na mball gníomhach, aibíocht na scéimeanna agus méid na gcistí carntha.

Mar a fheictear sa tábla thíos, titeann Ballstáit i gceithre chatagóir de réir mar a úsáidtear scéimeanna pinsean príobháideacha agus an fad.

Rátaí clúdaigh deonacha de réir deicílí ioncaim



Foinse: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta OECD 'Clúdach na bpleananna cistithe pinsean' [DAF/AS/WD/PEN(2007)]

Úsáid na scéimeanna pinsean príobháideacha ar fud an AE

Titeann Ballstáit i gceithre chatagóir, i.e. iadsan	Samplaí
a úsáideann beagán maoiniú príobháideach agus nach bhfuil sé beartaithe acu é seo a athrú cé go bhfuil méadú imeallach i gclúdach scéim príobháideach.	An Spáinn, an Fhrainc, Lucsamburg, Málta
a bhunaigh a ngeallúintí pinsean i gcónaí ar scéimeanna cistithe go príobháideach ach go bhfuil méadú tagtha ar scéimeanna den sórt sin agus go bhfuil siad ag teacht chun cinn i gcónaí. Cé go dtugann scéimeanna íoc-mar-a-úsáidtear cosaint éifeachtach in aghaidh bochtaineacht phinsinéara, ní gá go ndaingneodh siad leordhóthanacht pinsean iomlán in áit ioncaim. Mar sin, tá siad curtha in éineacht le scéimeanna cistithe príobháideacha.	An Danmhairg, Éire, an Ísiltír, an tSualainn (*), an Ríocht Aontaithe
a d'athchruthaigh a gcórais reachtúla le gairid chun sraith scéimeanna pinsean éigeantacha cistithe príobháideacha a chur san áireamh agus tugtar maoiniú dóibh trí chodanna den ranníocaíocht pinsean iomlán a aistriú ón scéim íoc-mar-a-úsáidtear. I bhformhór na dtíortha seo tá codanna suntasacha de leordhóthanacht na bpinsean don todhchaí le bheith bunaithe ar na scéimeanna seo atáthar ag súil go gcuirfear le seachaint bochtaineachta mar aon le hathsholáthair ioncaim leordhóthanach.	An Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSualainn (*)
a bhfuil tuilleamh a bhaineann le scéimeanna pinsean árachas slándála íoc-mar-a-úsáidtear ach atá ag athrú codanna dá ngeallúint leordhóthanach chun scéimeanna a leathnú atá ann faoi láthair nó a cruthaíodh le gairid, is é sin scéimeanna pinsean príobháideacha réamhchistithe.	An Bheilg, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ostair

(*) Titeann an tSualainn laistigh de dhá chatagóir.

Tá éagsúlacht mhór idir ranníocaíocht foriomlán reatha na scéimeanna pinsean príobháideacha maidir le hioncam na ndaoine atá ar scor ar fud na hEorpa. Go deimhin, ciallaíonn easpa beartais chomhaontaithe, in éineacht le córais chodarsnacha agus an fhéidearthacht comhaireamh dúbailte (nuair a chuirtear clúdach ó fhoinsí éagsúla leis) nach bhfuil aon sraith sonraí idirnáisiúnta a bheadh inchomparáide go héasca sa réimse seo. Tá deacracht dá bhrí sin clúdach agus leibhéil ranníocaíochta a chinneadh go cruinn.

I bhformhór mór na mBallstát, is iad na scéimeanna pinsean reachtúla íoc-mar-a-úsáidtear arna mbainistiú go poiblí an chuid is mó d'ioncaim phinsinéirí. Agus scéimeanna príobháideacha ag cur le hioncam pinsinéirí, léiríonn a dtábhacht an scála poiblí den soláthar íoc-mar-a-úsáidtear. Ach nuair nach bhfuil gnéithe faoi shainordú cosúil le méid an chaiteachais chánaigh agus fóirdheontais eile agus éifeacht ag carachtar an chórais caidrimh thionsclaíoch (riachtanach chun scéimeanna gairme a leathnú amach) ina leitheadúlacht ar bhealaí móra.

Agus mórán scéimeanna réamhchistithe tugtha isteach le deich mbliana anuas agus tógann siad 30 go 40 bliain (i.e. fad saoil gairme) sula mbeidh siad aibí, níl aon iontas ann go bhfuil teorainn ar leith ann sa chuid is mó de na Ballstáit, ar ranníocaíocht sna scéimeanna pinsean príobháideacha chuig ioncaim na bpinsinéirí faoi láthair. Fiú sna tíortha sin ina bhfuil

an fhorbairt is mó déanta ar scéimeanna den sórt sin tugtar ranníocaíocht ar a mhéid aon triú d'ioncam iomlán na ndaoine ar scor. Seo mar gheall nach bhfuil clúdach acu ach ar chuid teoranta de phinsinéirí an lae inniu agus go bhfuil an chuid is mó de na scéimeanna ag aibiú i gcónaí. Léiríonn an léarscáil thíos nach bhfuil ról ró-éifeachtach acu nó ról beagnach neamartach acu ach beidh siad ag méadú i roinnt tíortha mar gheall ar leasuithe le deireanaí.

Baineann éagsúlacht i ranníocaíocht na scéimeanna pinsean príobháideacha ar fud an AE



Leordhóthanacht a urrú i scéimeanna cistithe arna mbainistiú go príobháideach

Nuair a dhéanann rialtais ról suntasach i soláthar pinsean a shannadh do scéimeanna réamhchistithe arna mbainistiú go príobháideach, ní mór smaoineamh ar leochaileacht cosaint sóisialta i ndearadh scéime. Áirítear orthu sin gnéithe cosúil le clúdach agus leibhéil ranníocaíochta, bainistíocht ar ilrioscaí a bhaineann le céimeanna carntha agus íoca, éifeacht táillí agus riachtanas eolais, oideachas airgeadais agus monatóireacht ar fheidhmiú scéime. Is ceisteanna iad seo uile ar chóir dul i ngleic leo chun rannpháirtithe atá go hiomlán iontaofa a dhéanamh as scéimeanna príobháideacha maidir le leordhóthanacht an phacáiste iomlán pinsean.

Leibhéil chlúdaigh agus ranníocaíochta

Léiríonn ranníocaíocht iomlán na scéimeanna pinsean príobháideacha maidir le hioncam na ndaoine atá ar scor leibhéal na ranníocaíochtaí, clúdach scéimeanna den sórt sin, a n-aibíocht (i.e. comhréir na bpinsinéirí a bhfuil gairm iomlán clúdaithe ag an scéim) agus a dtábhacht sa chóras pinsean.

Ba chóir do leibhéil chlúdaigh agus ranníocaíochta na scéimeanna pinsean an ról atá beartaithe acu a léiriú sa chóras foriomlán pinsean. Más rud é go bhfuil sé i gceist go mbeadh siad mar ghné riachtanach d'ioncam scoir don daonra iomlán, is cóir go mbeadh leibhéil chlúdaigh agus ranníocaíochta ard. Más breisiú iad ar sholáthar scoir uilíoch eile chun aisrátaí comhchosúla a chinntiú do gach duine, is cóir go mbeadh siad dírithe ar dheighleoga ar leith den daonra. Má bhíonn clúdach roghnach d'urraitheoirí agus deonach do bhaill, ní dócha go mbeadh oibrithe óga agus oibrithe ar phá íseal clúdaithe agus is acusan is mó a bheadh sosanna sna ranníocaíochtaí.

Ranníocaíochtaí measta de scéimeanna pinsean deonacha agus gairme cistithe reachtúla ar ioncam phinsinéirí in 2006 agus 2046 (% d'aisrátaí teoiriciúla)



Foinse: Staidéar SPC 2008 'Soláthar pinsean cistithe arna mbainistiú go príobháideach agus a ranníocaíocht do phinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe', tábla 7

Leibhéil phinsean: gnó rioscúil

Tá leordhóthanacht sochair pinsean i scéimeanna réamhchistithe ranníocaíochta faoi réir líon neamhchinnteachtaí agus rioscaí. Féadfar go mbeadh sos i dtaifead ranníocaíochta pinsean mar thoradh ar chur isteach obair gairme mar gheall ar imeachtaí sóisialta cosúil le dífhostaíocht, tinneas, dualgais mháithreachais nó chúramóra (riosca sóisialta). D'fhéadfaidís maireachtáil níos faide ná a gcaipiteal (riosca fad saoil), d'fhéadfadh boilsciú pinsin don todhchaí a chreimeadh (riosca boilscithe) agus d'fhéadfadh aisíocaíochtaí a bheith íseal gan choinne nó athrú go diúltach (riosca airgeadais). Ina theannta sin, tá comhéifeacht na rioscaí seo níos mó ná an méid.

Dul i ngleic le riosca sos gairme

Bhí formhór scéimeanna pinsean deartha go traidisiúnta d'fhir a d'oibrigh i ngairmeacha go fadtéarmach mar 'shaothraí pá' don teaghlach. Thángthas ar riachtanais phinsean ban trí ranníocaíochtaí a gcuid fear nó, i ndiaidh a bháis, cuireadh le pinsean ban trí liúntais leanaí. Léirítear an cur chuige seo i gcónaí i mbunphrionsabail go leor scéimeanna pinsean, cé go bhfuil Ballstáit ag glacadh lena gcórais de réir a chéile de réir dlí reatha an Chomhphobail agus mar gheall ar rannpháirteachas margadh fostaíochta níos airde ban agus toilmhianta chun comhionannas inscne níos mó a bhaint amach.

I scéimeanna ina bhfuil baint níos mó ag sochair le ranníocaíochtaí, bíonn sosanna gairme le stadanna nó ísliú substaintiúil ranníocaíochtaí pinsean mar chúis imní maidir le leordhóthanacht pinsean don todhchaí. Beidh éifeacht ar leith ar ghrúpaí a mbíonn níos mó sosanna gairme acu mar gheall ar dhualgais teaghlaigh, dífhostaíocht nó tinneas. Féadfar go mbeadh mná, iadsan a bhfuil scileanna ísle acu agus iadsan ar phá íseal i mbaol ar leith.

Sochar sainithe seachas scéimeanna ranníocaíochta sonraithe

Tá difíocht mhór sna rioscaí do thairbhithe i scéim pinsean cistithe arna mbainistiú go príobháideach ag brath ar é a bheith sainithe mar scéim 'sochar sainithe' (DB) nó 'ranníocaíocht sonraithe' (DC). I scéim pinsean DB is é urraitheoir na scéime a fhulaingíonn na rioscaí airgeadais agus fad saoil. Is iad na buntáistí do bhaill ná iad siúd atá bunaithe ar fhoirmle atá ceangailte le tuilleamh ball agus fad fostaíochta. I gcodarsnacht, is iad na buntáistí do bhaill sna scéimeanna DC ná an méid a thugann an ball agus an t-urraitheoir agus aon aischur ar an infheistíocht sin. Mar sin, sna scéimeanna DC is iad na baill a chaithfidh na rioscaí airgeadais agus fad saoil a fhulaingt.

Baineadh úsáid as na dearaí DB de ghnáth i scéimeanna gairme níos sine chun aithris a dhéanamh ar fhoirmle sochair i scéimeanna státseirbhíseacha. Ach tá laghdú tagtha ar líon scéimeanna den sórt sin le blianta. Tá beagnach gach scéim a bunaíodh le 20 bliain anuas sa dearadh DC. Baineann sé sin leis na scéimeanna gairme mar aon leis na scéimeanna reachtúla. Mar sin, san áit a bhfuil cuid de sholáthar pinsean slándáil sóisialta aistrithe ag Ballstáit chuig cistí arna mbainistiú go príobháideach le rannpháirtíocht éigeantach bhain siad uile úsáid as an dearadh DC.

Go ginearálta bíonn éifeachtaí níos láidre ag sosanna gairme ar shochair phinsean sna scéimeanna DC ná sna scéimeanna DB. Seo mar gheall nach bhfuil baint chomh gar sin ag comhaireamh na sochar sa cheann deireanach le taifead ranníocaíochta an tairbhí faoi mar atá sa scéim DC.

Mar sin, cuireann scéimeanna DC níos mó sochar ar fáil dóibh siúd a bhfuil gairmeacha níos faide saoil acu agus pá níos éasca a láimhseáil ina saol oibre. Beidh níos lú airgid ag an dream a bhíonn dífhostaithe ar feadh tréimhsí fada ina saol oibre nó a bhíonn taifid oibre éagothrom acu ar chúiseanna eile. Sna Ballstáit a bhfuiltear ag súil go mbeidh ról níos airde ag pinsin chistithe don todhchaí, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh bochtaineacht phinsinéirí mar thoradh air seo i measc grúpaí sobhuailte a oibríonn ar ioncam níos lú.

Agus ag brath ar an ról cruinn a bhaineann le pinsin fhorlíontacha in aon chóras pinsean ar leith i mBallstát, d'fhéadfadh tábhacht a bheith ag baint le ranníocaíochtaí a íoc ar leibhéal ar leith nó creidmheas ar shos gairme (go háirithe dífhostaíocht, tinneas/míchumas, sos máithreachais agus tuismitheora) chun leordhóthanacht a chinntiú d'ioncam pinsean deireanach. Thug roinnt tíortha 'gnéithe dlúthpháirtíochta' isteach ina scéimeanna cistithe reachtúla. Tá sé déanta ag dreamanna eile i scéimeanna gairme, mar shampla trí chúiteamh a dhéanamh do thréimhsí ar leith lasmuigh d'fhostaíocht ghníomhach (e.g. agus an stát ag íoc ranníocaíochtaí le linn thréimhsí cúram leanaí nó dífhostaíocht). Féadfar go mbeadh costais shuntasacha ag baint le rialacha den sórt sin, áfach, agus éifeacht a bheith aige ar dhreasachtaí oibre freisin.

I mBallstáit a bhraitheann níos mó ar sholáthar príobháideach, is gá an nasc idir íosioncam uilíoch agus ioncam tástáilte ó thaobh acmhainne a dhearadh go cúramach. D'fhéadfadh soláthar ar ioncam scoir, atá tástáilte ó thaobh acmhainne, roinnt daoine a dhímholadh ó choigilteas ó tharla go bhféadfadh breis ioncaim ó choigilteas dul i dtreo laghdú ina dteidlíocht le haghaidh buntáistí ó thaobh acmhainne. Theastaigh ón Ríocht Aontaithe, mar shampla, dul i ngleic leis an gceist seo agus 'creidmheas coigiltis' in úsáid, sochar laghdaitheach a thugann luaíocht más rud é go ndéanann siadsan coigilteas atá i dteidil sochar ó thaobh acmhainne. Go fóill, má dhéantar fóirithint a bharrchaolú ar an mbealach seo tá sé níos costasaí mar gheall ar an gclúdach níos airde. Agus iad ag spreagadh críochaontú, tá an Ríocht Aontaithe ag leasú creidmheas pinsean mar chuid dá phacáiste leasaithe pinsean níos leithne chun a chinntiú go ndíreodh sé i gcónaí ar an dream cuí agus go mbeadh sé costéifeachtach.

Riosca fad saoil: an chéim íoca

Bíonn éifeacht ag eagrú na céime íoca i scéimeanna príobháideacha ar leordhóthanacht sochair. Is cóir don dearadh scéime leorchosaint a thairiscint in aghaidh boilsciú agus rioscaí marthanóra mar aon le fad saoil.

Tá trí ghrúpa leathan den táirge íoca ann.

> **Úsáidtear Blianachtaí de ghnáth mar tháirgí íoca i scéimeanna pinsean DC éigeantacha nó leath-éigeantacha.** Cuireann siad íocaíochtaí tréimhsiúla ar fáil do thairbhithe le hárachas in aghaidh rioscaí bithmhéadracha cosúil le fad saoil agus tá an fhéidearthacht ann cosaint a thabhairt don mharthanóir i gcás éaga, bunaithe ar úsáid na dtáblaí ionchas saoil.

> **Cuireann Cnapshuimeanna íocaíocht amháin ar fáil do thairbhithe, á fhágáil fúthu féin a chinntiú go mbeidh a dhóthain ioncaim acu le linn am scoir.** I líon suntasach tíortha, féadfaidh saoránaigh an rogha a dhéanamh an coigilteas iomlán nó coibhneas substaintiúil de choigilteas scoir a thógáil mar chnapshuimeanna.

> **Cuireann Aistarraingtí céimnithe íocaíochtaí tréimhsiúla ar fáil, ach gan aon árachas in aghaidh riosca fad saoil, a laghdaíonn an caipiteal atá ar fáil de réir a chéile.**

Tá éagsúlacht mhór idir Ballstáit maidir leis an rogha a bhíonn ag baill scéime idir blianachtaí, aistarraingtí céimnithe agus íocaíochtaí cnapshuimeanna. I bhformhór na dtíortha ina bhfuil scéimeanna cistithe príobháideacha éigeantach, caithfear blianachtaí a roghnú (e.g. an Eastóin agus an Rómáin).

Bíonn riachtanais ann freisin blianacht a fháil le roinnt pinsean gairme (e.g. an Ísiltír), ach is féidir coigilteas pinsean a thógáil mar chnapshuimeanna in áiteanna eile faoi choinníollacha ar leith (e.g. an Ríocht Aontaithe).

Cosnaíonn blianachtaí agus sin amháin i gcoinne riosca fad saoil

Tugann blianachtaí ráthaíocht ioncaim ar feadh saoil ar neamhchead don fhad ar deireadh, agus dá réir sin, is iad an acmhainn is sábháilte chun ioncam a chur ar fáil le linn am scoir. Bíonn siad ar fáil i mórán tíortha (agus maidir le cuid acu, is é an t-aon rogha atá ann), ach más deonach atá siad níl siad chomh forleathan is a bheifí ag súil. Is mar gheall nach mbíonn daoine sách fadbhreathnaitheach maidir lena dtodhchaí airgeadais is cúis leis; déanann siad gannmheas ar a n-ionchas saoil go háirithe agus roghnaíonn siad aistarraingtí céimnithe mar tugann sin deis dóibh aon airgead breise a thiomnú.

Agus na blianachtaí acu, ní féidir an tsraith dheireanach d'íocaíochtaí a fháil ach le linn tréimhse faoi ráthaíocht (má roghnaítear an rogha sin) agus d'fhéadfadh go mbeadh níos lú tarraingt ag baint leis. Agus sochair ó scéimeanna príobháideacha ag cur le sochair ar feadh saoil ó scéimeanna poiblí, féadfar cathú a bheith ar dhaoine a gcuid pinsean príobháideach a thógáil mar chnapshuimeanna chun a gcaitheamh gearrthéarmach a ardú. Agus ciall a bheith ag baint leis seo uaireanta, ní bheidh an ranníocaíocht do leordhóthanacht pinsean ó scéimeanna príobháideacha ar fáil ina dhiaidh sin ina bpacáiste pinsean. Cé go ndéantar aistarraingtí céimnithe nó cnapshuimeanna a chomshó go blianachtaí uaireanta, déantar é go hannamh gan éigeantas. Ó tharla go bhfuil an riosca go mairfeadh an tairbhí níos faide tá an t-airgead atá ar fáil ag méadú le fad saoil níos airde níl ach blianachtaí feiliúnach chun leordhóthanacht a chinntiú.

An riosca airgeadais a chomhardú

Bíonn sé de nós ag rátaí aisíoca – i.e. comhréir airgead a fuarthas nó a cailleadh ar infheistíocht faoi réir an méid airgid a infheistíodh – luainiú go suntasach le himeacht ama, a thugann rioscaí suntasacha do leordhóthanacht pinsean. Má bhíonn rátaí aisíoca níos lú, is gá do choigilteoirí pinsean fanacht sa mhargadh fostaíochta níos faide chun níos mó ranníocaíochtaí a dhéanamh agus an leibhéal céanna sochair a chinntiú. Mar sin, chun leoreolais a thabhairt do dhaoine ar leibhéal pinsean atáthar ag súil leis ag am scoir, chun cinntí a dhéanamh maidir le rannpháirteachas sa mhargadh fostaíochta don todhchaí, is gá foshuímh a dhéanamh faoi rátaí fadtéarmacha réamh-mheasta le leibhéal réasúnta cruinnis. Sa chomhthéacs seo, bíonn gá le comhlachtaí maoirseachtaí airgeadais a fheidhmíonn go maith agus creatlaigh rialúcháin airgeadais éifeachtacha. Braitheann sochair don todhchaí ar aisíocaíochtaí glan le linn na 'céime carntha' agus ar chomhaireamh achtúireach a chinneann sochair sa 'chéim íoca'. Tá an dá chéim seo chomh tábhachtach céanna agus mar sin bíonn dearadh agus maoirseacht cúramach ag teastáil.

Agus beartais tugtha isteach ag reachtóirí i mórán Ballstát chun rioscaí infheistíochta a mhaolú, is beag duine a thug isteach meicníocht díreach ráthaíochta i gcoinne rioscaí infheistíochta sa chéim carntha. Maidir le ráthaíochtaí sa chéim íoca, tá fógairtí go leor ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais chun athárachas a chur ar a gcuid fiachas má thiteann siad.

Riosca, urrús agus inacmhainneacht a chomhordú

Bíonn costais ag baint le beartais chun cosaint a thabhairt i gcoinne riosca airgeadais. D'fhéadfadh gníomh fritorthúil a bheith ag baint le rialacháin ghéire a dhíríonn ar sheasmhacht airgeadais ghearrthéarmach má bhíonn gá le méaduithe móra agus sciobtha i leibhéal na ranníocaíochta chun cúlchistí airgeadais a thabhairt ar ais tar éis cur chun donais geilleagrach. Go háirithe ó tharla go bhféadfadh an costas fostaíochta ardú agus caiteachas laghdú le linn éigeandáil airgeadais, faoi mar a tharla ag tús na ndeich mbliana seo san Ísiltír.

Is tasc dúshlánach é cothromaíocht chuí a fháil idir urrús gearrthéarmach scéimeanna pinsean agus stóinseacht fhadtéarmach go foriomlán den chóras pinsean do lucht beartais agus rialacháin. Le deichniúir a chuaigh thart, tá rialacháin níos scaoilte i mórán Ballstát chun ais-íocaíochtaí níos mó a lorg sna cistí pinsean agus cuid níos mó a infheistiú san cistí níos rioscúla. Bhí caillteanais san éigeandáil atá ann faoi láthair agus dá bharr iarradh rialachán níos géire ar infheistíochtaí sna cistí pinsean.

Is féidir íos-aisíocaíochtaí a úsáid chun coigilteas a chosaint i gcoinne rioscaí infheistíochta, ach baineann costais le ráthaíochtaí den sórt sin. D'fhéadfadh siad a bheith díreach – préimh árachais a íoc i gcás ráthaíocht caipitil – agus go hindíreach – ais-íocaíochtaí níos ísle go foriomlán mar gheall go roghnaíonn soláthróir straitéis infheistíochta imchoimeádach a dhíríonn ar sprioc a bhaint amach leis an íos-aisíocaíocht.

Leibhéil sochair a chosaint

Féadfaidh leibhéil sochair cosaint thábhachtach a fháil i gcoinne riosca infheistíochta trí struchtúir punainne indibhidiúla a athrú agus daoine ag druidim le haois scoir. Moltar mar sin cur chuige saolré a fhorbairt i dtreo infheistíochtaí: agus straitéis den sórt sin i bhfeidhm, roghnaíonn saoránaigh níos óige táirgí níos rioscúla a bhfuil deis níos airde acu níos mó a thuilleamh ina saol; i gcodarsnacht, roghnaíonn daoine a bhíonn gar don aois scoir tárigí ar ús seasta chun riosca titim a sheachaint i luachanna sócmhainne sula n-athraítear coigilteas daoine go blianachtaí.

De réir mar a bhíonn éagsúlacht sna blianachtaí, d'fhéadfadh tionchar a bheith ar an méid sochair a fhaightear ag braith ar an mí a dhéantar blianachtaí de na sócmhainní. Tá sé tábhachtach mar sin go dtugann na rialtóirí roinnt solúbthachta san am a dhéantar na sócmhainní a athrú go blianachtaí.

An éifeacht a bhaineann le táillí agus costais

Féadfar táillí riaracháin a thoibhíonn cistí pinsean costais shuntasacha a léiriú agus leibhéil phinsean a laghdú go suntasach dá réir. Féadfaidh an méid sin a bheith tromchúiseach do lucht ioncaim íseal, a bhfuil deacrachtaí acu leibhéil sochair leordhóthanach a fhabhrú. Maidir le scéimeanna pinsean cistithe go príobháideach, is gá na costais riaracháin a mheas. Baineann difríochtaí móra i sochar pinsean sna costais go fadtéarmach: mar shampla déanfaidh táille bliantúil 1 % de shócmhainní, thar 40 bliain, 20 % den ranníocaíocht iomlán a ídiú ([1]). Mar sin bíonn ról soiléir ag rialtais costais a choimeád íseal agus carnadh sna leibhéil imleora de shochair phinsean don todhchaí a éascú. Is é an dúshlán ná struchtúr an táille a rialú chun dearadh ceart dreasachta a choimeád do na rannpháirtithe ciste mar aon leis na bainisteoirí ciste. Baineann éagsúlacht sna beartais a úsáideann Ballstáit, idir rialacháin táillí bhoga agus ghéire. Ciallíonn sé sin gurb ionann thart ar 18 % agus leibhéal na dtáillí mar chéatadán na ranníocaíochtaí iomlána.

Caidhpeáil ar tháillí

Maidir le follasacht íseal, ní dócha go gcuirfeadh rogha custaiméara agus nochtadh eolais costais ísle ar fáil leis féin. Mar sin, is dócha go mbeadh rialachán ar leith, go háirithe trí chaidhpeáil ar tháillí, ag teastáil. Dá réir sin, tá roinnt Ballstát tar éis caidhpeáil costais a dhéanamh ar tháillí bainistíochta, nó ó thaobh táscairí costais sintéiseacha, mar shampla sa Ríocht Aontaithe. I dtíortha eile, tá teorainneacha curtha ar struchtúr an chostais. San Iodáil, mar shampla, ní ceadmhach táillí bainistíochta a dhúbailt: déanann an méid sin bainisteoirí sócmhainní scéim pinsean a dhíspreagadh ó infheistiú i gcomhchistí arna mbainistiú ag cuideachtaí bainistíochta ciste eile.

Baineann míbhuntáistí le caidhpeáil costais áfach. Mar shampla, d'fhéadfadh ábhar eolais débhríoch a bheith ann: agus srian curtha b'fhéidir ar tháirgí a bhfuil costais iomarcacha orthu sa mhargadh, d'fhéadfadh siad teorainn a chur ar iomaíochas trí leibhéal costais ar leith a bheith 'inghlactha' ach nach bhfuil sé baileach barrmhaith.

([1]) Má dhéanann duine 100 aonad airgeadra a shábháil in aghaidh na bliana ar feadh 40 bliain, déanfaidh sé 4000 aonad airgeadra faoi dheireadh a ghairme (chun é a shimpliú, boilsciú agus an fíor-ráta aisíoc cothrom le náid). Más ionann táillí riaracháin agus 1 % de shócmhainní na bliana, is ionann na táillí carntha tar éis 40 bliain agus 720 aonad airgeadra.

Oideachas airgeadais níos fearr ag teastáil

Agus scéimeann cistithe arna mbainistiú go príobháideach tugtha isteach, tá níos mó deacrachta ag baint le córais phinsean. Féadfar ceist a chur ar dhaoine rogha a dhéanamh idir soláthróirí scéimeanna pinsean éagsúla agus cuirtear roghanna ar fáil dóibh a bhaineann le hinfheistíocht a gcuid ranníocaíochta. Chun go n-oibreodh dreasachtaí i ndearadh scéime agus chun go bhfeidhmeodh margaí pinsean, is gá go mbeadh daoine ar an eolas faoi tháirgí pinsean, a gcoigilteas agus faoi fhad a saol gairme agus tráthú a n-am scoir. Agus níos mó freagrachta ag teastáil ó bhaill scéime maidir lena bpinsean is gá go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar cheisteanna airgeadais chun roghanna críonna níos fearr a dhéanamh. Go deimhin, tá níos lú seans ann don dream nach bhfuil 'liteartha faoi chúrsaí airgeadais' leas a bhaint as socraithe airgeadais agus tá níos lú seans ann go ndéanfadh siad coigilteas don am scoir. Bíonn sé de nós acu siúd a mbíonn rogha leathan le déanamh acu gan aon rud a dhéanamh mura mbíonn oideachas airgeadais acu. Leagann an méid sin béim ar an ngá atá le clárú uathoibríoch agus roghanna réamhshocraithe a úsáid d'oibrithe nach bhfuil spreagtha chun roghanna críonna a dhéanamh.

Oideachas airgeadais a chur chun cinn

Tá difríocht idir oideachas agus eolas mar ceanglaíonn oideachas le heolas, cruthú scileanna agus spreagadh chun iompar a athrú. Bíonn an rath ar an dá rud: mar shampla, rinneadh feachtas feasachta in Éirinn chun tuiscint ar mhodh oibre an chórais phinsin a chur chun cinn. Tharla méadú ar líon na gcuntas scoir pearsanta a osclaíodh ag an am céanna, go háirithe i measc na spriocaoise, 25-35 bliana d'aois. Mar sin, d'fhéadfadh sé nach amháin go bhfeabhsaíonn feasacht in éineacht le litearthacht airgeadais cás custaiméara ar leith, ach tugann sé spreagadh don mhargadh seirbhísí airgeadais trí níos mó iomaíochas a chruthú.

Léirigh dhá staidéar ar dhreasachtaí Ballstáit chun oideachas airgeadais a chur ar fáil go gcuirtear eolas ar fáil trí réimse foinsí ó údaráis mhaoirseachta airgeadais, gníomhaireachtaí litearthachta daoine fásta, clinicí comhairle fiacha, oibrithe sóisialta, cónaidhmeanna tionscail airgeadais, eagraíochtaí micrea-airgeadais, ionadaithe tomhaltóra, údaráis oideachais, gnólachtaí airgeadais indibhidiúla agus údaráis tithíochta ([2]). Thar aon ní eile, áfach, ba iad údaráis náisiúnta na príomhthiománaithe de dhreasachtaí den sórt sin.

Léiríonn an chumarsáid dheireanach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, a leagann amach bunphrionsabail maidir le soláthar scéimeanna oideachais airgeadais ar ardchaighdeán, a tacaíocht do ghníomhartha den sórt sin ([3]). Bhunaigh sí láithreán gréasáin 'Dolceta' freisin a thugann oideachas tomhaltóra ar gach

([2]) Observatoire du Crédit et de l'Endettement et al., FES (2007), 'Rochtain níos fearr ar sheirbhísí airgeadais agus oideachas airgeadais', Tuarascáil ar an suirbhé ar oideachas airgeadais, Aibreán 2007, agus Evers agus Jung (2007), 'Suirbhé ar scéimeanna litearthachta airgeadais san AE-27', Samhain 2007.

([3]) http://ec.europa.eu/internal_market/finservicesretail/docs/capability/communication_en.pdf

mhargadh náisiúnta i dteangacha an Chomhphobail.

Eolas feabhsaithe

Cé go bhfuil difríocht mhór idir treoir agus rialachán sna tíortha, tá roinnt claonta ar leith ann – tá claonadh i dtreo níos mó simplíochta ar phríomhcheann acu. Go háirithe, an gá atá le béim a leagan ar theanga níos simplí chun nach mbeadh saoránaigh trína chéile (in Éirinn agus sa Spáinn, cuir i gcás).

Ba chóir go mbeadh eolas saincheaptha de réir riachtanais daoine agus a gcuid cúinsí. Níl treoir ginearálta feiliúnach do gach duine agus, chun eolas soiléir agus simplí a chur ar fáil, tá an baol ann go mbeadh sé déanta chomh cineálach nach mbeadh ciall ar bith ag baint leis. Rinneadh iarratais dá réir sin ar chomhairle phearsantaithe cé go mbeadh sé costasach agus deacair a chur i bhfeidhm seans.

Baineann ceist fiachais le haon chineál eolas, go háirithe eolas pearsantaithe. Bheadh an té a thugann an t-eolas faoi dhliteanas maidir leis an gcaighdeán agus úsáid. Dá réir sin, d'fhéadfadh drogall a bheith ar sholáthróirí aon chineál eolais a chur ar fáil a bheadh forléirithe mar chomhairle thar cineálach mar gheall ar an eagla go mbeifí faoi dhliteanas ar chúis éigean.

Éifeacht an bheartais chánaigh

Is é sprioc-chuspóir faoiseamh cánach i scéimeanna pinsean cistithe arna mbainistiú go príobháideach ná luaíocht a thabhairt do choigilteas príobháideach chun caighdeán maireachtála níos airde a chinntiú in am scoir. Déantar sin trí níos mó coigilteas príobháideach a spreagadh agus trí chur leis an tsuim dheireanach. Braitheann éifeachtacht agus costas na n-uirlisí seo ar choigilteas sa bhreis a bheith déanta. Is iomaí gné difriúil a chuireann isteach ar choigilteas pinsean daoine cosúil le comhairle ó chomhairleoirí airgeadais agus spreagadh ó fhostóirí. Sa chreatlach oibre sin, measann roinnt Ballstát go bhfuil ról tábhachtach ag faoiseamh cánach mar dhreasacht d'indibhidí chun páirt a ghlacadh sna scéimeanna pinsean. Bíonn faoiseamh cánach den sórt sin costasach. Léiríonn réamh-mheastacháin ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), cé go gciallaíonn athruithe déimeagrafacha go mbeidh ardú in ioncam ó chánachas ioncam pinsean ó scéimeanna cistithe, beidh níos mó tábhachta ag costais ó fhaoiseamh cánach ná ioncam a bhailítear ([4]).

([4]) Pablo Antolin, Alain de Serres agus Christine de la Maisonneuve (2004), 'Impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha maidir le pleananna scoir is fearr', Páipéir Oibrithe sa Roinn Eacnamaíochta Uimh. 393, OECD.

Tá sochair na ndreasachtaí cánacha éiginnte

Ina theannta sin, tá easpa fianaise soiléir ann d'éifeachtacht faoiseamh cánach a úsáid chun saoránaigh a spreagadh níos mó a infheistiú i bpinsin. Mar shampla, níl sé soiléir go gcruthaíonn fóirdheontais chánacha coigilteas sa bhreis seachas coigilteas reatha a aistriú go háit eile. Dá mba rud é gur aistríodh coigilteas, bheadh faoiseamh cánach costasach agus neamhéifeachtach mar tugann sé luaíocht do chigilteas a bheadh ann gan é.

Ceist eile maidir le faoiseamh cánach ná cé a bhaineann leas as ó thaobh dreasachtaí níos mó agus coigilteas níos mó. Léiríonn fianaise ó phleananna pinsean US 401(k) gur dócha go spreagfaí lucht meán agus ísealioncaim le 'cruthú coigiltis', agus lucht ardioncaim le 'díláithriú coigiltis' ([5]). Cé go léiríonn sin b'fhéidir go ndíríonn faoiseamh cánach ar lucht meán agus ísealioncaim, áfach, tugann fianaise ó SAM, an Ríocht Aontaithe agus Ceanada le fios go bhfuil an críochaontú níos airde i measc lucht ardioncaim (ó thaobh rannpháirtíocht agus leibhéil ranníocaíochta) ([6]). Mar sin is cosúil go bhfuil dearadh córais faoiseamh cánach ar leith i bhfábhar lucht ardioncaim, agus daoine trína chéile mar gheall ar fhaoiseamh cánach go ginearálta. Ina theannta sin, is minic gurb iad lucht ardioncaim amháin a fhaigheann comhairle airgeadais neamhspleách maidir leis na buntáistí a bhaineann le faoiseamh cánach a bhaineann tairbhe iomlán as.

I roinnt Ballstát, bíonn buntáistí sa bhreis ann do choigilteas pinsean indibhidiúil trí thacaíocht stáit dhírigh (e.g. an Ghearmáin agus an Ostair). Tugann ranníocaíochtaí a mheaitseáil nó fóirdheontais ranníocaíochta phinsean shuntasacha an deis do lucht ísealioncaim níos mó a shábháil, agus tugtar luach níos fearr ar airgead beag. Tá sé i bhfad níos éasca a thuiscint agus dhíreodh sé orthu siúd gan aon chomhairle airgeadais mar sin.

Agus an easpa fianaise shoiléir maidir le dreasachtaí fioscacha faoiseamh cánach agus na costais shuntasacha ar bhuiséid phoiblí, tá scóip ann do Bhallstáit roghanna faoiseamh cánach a lorg, go háirithe maidir le héifeachtaí ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht.

([5]) Sheena S. Iyengar, Wei Jiang agus Gur Huberman, 'Cathain a bhíonn an iomarca roghanna ann?: Ranníocaíochtaí do phleananna scoir 401 (k)'.

([6]) Pablo Antolin, Alain de Serres agus Christine de la Maisonneuve (2004), 'Impleachtaí buiséadacha fadtéarmacha maidir le pleananna scoir is fearr ', Páipéir Oibrithe sa Roinn Eacnamaíochta Uimh. 393, OECD, Meitheamh.

Monatóireacht níos fearr ag teastáil

Tá claonadh níos mó ann an riosca a aistriú ón stát go hinstitiúidí príobháideacha agus indibhidí. D'fhéadfadh cuma slán airgeadais a bheith ar straitéis den sórt sin ach, má tharlaíonn fadhbanna leordhóthanachta, d'fhéadfadh go mbeadh an fhreagracht maidir le ráthaíocht ar an stát arís. Mar sin, is gá monatóireacht a dhéanamh ar phinsin chistithe arna bhforbairt agus a n-éifeachtaí féideartha ar riachtanais leordhóthanacha. Tá níos mó eolais inchomparáide ag teastáil mar gheall air sin ó Bhallstáit.

Go deimhin, agus tábhacht thar cuimse ar phinsin phríobháideacha, is gá mórfheabhsúcháin ar uirlisí a dhéanamh chun monatóireacht a dhéanamh orthu. I roinnt Ballstát, déantar sonraí a bhriseadh síos de réir critéir dhifriúla ach i mBallstáit eile bíonn teorainn ar shonraí a bhailiú agus sonraí a bhriseadh síos – go háirithe más rud é gur tugadh scéimeanna príobháideacha isteach le gairid. Tá gá le heolas fairsing chun éifeacht iomlán a thuiscint ar iontaoibh níos mó maidir le coigilteas pinsin príobháideach – go háirithe chun ioncaim don todhchaí in am scoir a thomhas agus chun grúpaí a shainaithint nach bhfuil ag cur airgead ar leataobh agus a mbeadh ioncaim níos ísle acu in am scoir dá réir. Faoi láthair ní féidir éifeachtaí gaolmhara a bhaineann le beartais dhifriúla na mBallstát a chur i gcomparáid go cruinn. Tá an fiúntas a bhaineann leo éiginnte dá réir sin. Bheadh tairbhe le baint ag tíortha as eolas níos fairsinge agus níos inchomparáide chun éifeachtaí a mbeartas a thuiscint níos fearr agus chun iad a luacháil agus iad curtha i bhfeidhm.

Tá iarrachtaí sa bhreis ag teastáil chun cur leis an gcreatlach a bhaineann le pinsin chistithe (pinsin reachtúla go háirithe). Tá géarghá le monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar phinsin chistithe arna bhforbairt agus a n-éifeachtaí féideartha ar leordhóthanacht. Is gá uirlisí a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn don todhchaí mar aon le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an gcás reatha; is gá, go háirithe, comparáid trastíortha agus iontaofacht ar shonraí náisiúnta a chinntiú (mar shampla, ceist chlúdaigh a réiteach agus comhaireamh indibhidí faoi dhó a ghlacann páirt i scéimeanna pinsin príobháideacha). Tá forbairt ar fhoinsí sonraí neamhspleácha ar siúl, áfach, go háirithe ó Eurostat agus an OECD (féach bosca).

Foinsí sonraí comhcuibhithe arna bhforbairt i gcónaí

Foinse	Sonraí ar fáil
Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach – Córas Eorpach um staitisticí slándála sóisialta comhtháite (ESSPROS)	Déantar caiteachas pinsean a bhriseadh síos ar bhonn cineálacha sochair a íoctar, ranníocaíochtaí ag brath ar an gcineál ranníocaíochta (fostóir, rialtas, fostaithe). http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/living_conditions_and_social_protection/introduction/social_ protection
Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach – Staidreamh struchtúrach gnó (SBS)	Déantar scéimeanna gairme (seachas an Spáinn agus an Phortaingéil ina n-áirítear scéimeanna gairme agus scéimeanna indibhidiúla sna sonraí staitistiúla) a bhriseadh síos le hathróga ar an líon ball, déimeagrafach ciste pinsean agus athróga ar chuntasaíocht, idirnáisiúnachas agus fostaíocht. http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/european_business/data/database
Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach - Staidrimh an AE ar ioncam agus dálaí maireachtála (SILC)	Ioncam indiúscartha a bhriseadh síos (lena n-áiítear gach cineál pinsean agus sochar marthanóra) agus athróga ar phinsin phríobháideacha indibhidiúla. http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/living_conditions_and_social_protection/introduction/income_social_inclusion_living_conditions
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta OECD – Staidrimh Dhomhanda ar Phinsean (GPS)	Le haghaidh scéimeanna pinsean, lena n-áirítear scéimeanna pinsean leabhar in áirithe agus cistithe, mar aon le conarthaí árachais phinsean atá san ionad oibre nó teacht orthu go díreach i margaí miondíola (scéimeanna pinsean pearsanta). Tá socruithe éigeantacha agus deonacha san áireamh. Ar na sonraí tá scéimeanna ina n-íocann aonán earnála príobháidí (rangaithe mar scéimeanna pinsean príobháideacha ag an OECD) mar aon leo siúd a íocann aonán earnála poiblí. www.oecd.org/daf/pensions/gps
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta OECD – Suirbhé 2007 an AE	Cuirtear gnéithe ar fáil maidir le dáileadh na ballraíochta de réir stádas (gníomhach, baill iarchurtha agus pinsinéirí) agus trí athróga a thuilleamh (e.g. níos lú ná meánphá, ó mheánphá go dhá mheánphá, níos mó ná dhá mheánphá), réimeanna aoise agus inscne roinnt Ballstát http://www.oecd.org/document/8/0,3343,en_2649_34111_38958856_1_1_1_1,00.html#contents

Éifeacht na géarchéime

Ag an am a glacadh leis an tuarascáil (Aibreán 2008) ar a bhfuil an leabhrán seo bunaithe léirítear ardú tábhachta scéimeanna réamhchistithe sa phacáiste pinsean go foriomlán arna bheartú ag Ballstáit san uimhir thíos. Léiríonn sé na ruthaig i gclúdach agus i roinnt ioncam pinsinéara a rinne scéimeanna réamhchistithe sna Ballstáit éagsula go dtí 2050.

Fíorthoradh ciste pinsean ar infheistíocht sna tíortha roghnaithe de chuid an OECD



(1) Meastachán de chuid an OECD é ráta aischuir infheistíochta 'Eanáir-Meitheamh 2009'.
(2) Ar an meastachán tá IRAanna.
(3) Tagraíonn sonraí d'aonáin rialaithe APRA a bhfuil níos mó ná ceithre bhall agus AU$50m sócmhainní iomlána ar a laghad.
Aischuir ar sócmhainní is ea pá glan iarchánach roinnte ar na meánsócmhainní don tréimhse.
(4) Tagraíonn sonraí do chistí pinsean éigeantacha. Is é sonraí aischuir ainmniúla do chistí pinsean deonacha ná 4.63% (-10.67 % do 2008).
(5) Meastachán de chuid an OECD é ráta aischuir infheistíochta 'Eanáir-Nollaig 2008'.
(6) Tagraíonn sonraí don tréimhse Eanáir-Márta 2009.
(7) Tagraíonn sonraí d'Eanáir-Lúnasa 2009.
(8) Baineann sonraí le roghnú ina bhfuil na cistí pinsean bardasacha agus príobháideacha is mó, ina bhfuil 80% de shócmhainní comhiomlána.
(9) Tagraíonn sonraí do chistí pinsean an dara philéar. Is é sonraí aischuir ainmniúla do chistí pinsean an tríú piléar ná -0.16 % (-1.93 % do 2008).
(10) Tagraíonn sonraí do chistí pinsean conarthacha. Is é sonraí aischuir ainmniúla do chistí pinsean oscailte ná 3.0 % (-14.0 % do 2008).
(11) Sonraí Measta. Tá aischur glan d'infheisteoirí cothrom le 0.34 % do 2008, tar éis cistiú sa bhreis do bhainisteoirí cistithe.

Foinse: Staidrimh Dhomhanda ar Phinsean agus meastacháin de chuid OECD.

Go fóill, agus teacht chun éigeandála airgeadais gan choinne go luath i bhfómhar na bliana 2008 a bhí i raon gan fasach agus cor chun donais geilleagrach ina dhiaidh sin, tharla laghdú mór sna scéimeanna pinsean cistithe ar leabharluach a sócmhainní agus níor tháinig siad slán as go fóill. Mar a léirítear in uimhir an OECD thuas, bhí fíor-aischur diúltach ar infheistíochtaí na gcistí pinsean ar fud na hEorpa faoi Shamhain 2008 de 15 go 35 %.

Tharla cor chun donais geilleagrach níos géire ina dhiaidh sin mar aon le dífhostaíocht a d'fhás go tréan agus tá sé deacair dá bharr a bheith ag súil go gcuirfeadh saothraithe pá gníomhacha lena bpinsean cistithe san am céanna agus a mhaoinigh siad pinsin dá dtuismitheoirí agus dá seantuismitheoirí. Go deimhin b'éigean do roinnt tíortha a raibh pleananna ró-uaillmhianacha acu dul ar ais chuig a bpleananna agus cuid den ranníocaíocht ón scéim cistithe a aistriú go sealadach ar ais go scéim íoc-mar-a-úsáidtear agus síneadh a chur leis an tréimhse ama chun cistí pinsean a thógáil arís.

Ruthaig don todhchaí i gclúdach agus roinnt ioncam pinsinéirí ó scéimeanna cistithe; léiriú stílithe



Conclúidí

Spreag an fhorbairt a rinneadh ar phinsin phríobháideacha réamhchistithe mar fhordheontas do scéimeanna reachtúla íoc-mar-a-úsáidtear agus rinne sé cumas Ballstát a neartú chun pinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil. Ó tharla nach bhfuil pleananna scéime i roinnt Ballstát críochnaithe ná optamach go hiomlán tá raon mór ann feidhmíocht foriomlán a fheabhsú sna scéimeanna pinsean mar fheithiclí um chosaint sóisialta. Ina theannta sin, léirigh an éigeandáil leochailteacht scéimeanna cistithe go luaineacht na margaí airgeadais agus leagadh béim ar riachtanas lucht beartais, rialaitheoirí agus maoirseoirí bainistíocht níos críonna a chur chun cinn maidir le coigilteas scoir daoine. Agus réimse leathan sna caillteanais a tabhaíodh agus níos mó éagsúlacht sa chumas glacadh le croitheadh, is léir go bhfuil tábhacht ag baint le difríochtaí sna dearaí ciste pinsean agus straitéisí infheistíochta. Is féidir ceachtanna a fhoghlaim ó athraitheas in éifeachtaí ar fud an Aontais maidir le feabhas a chur ar scéimeanna cistithe agus cothromaíocht níos fearr idir riosca, urrús agus inacmhainneacht do choigilteoirí pinsean. Dá réir, tá clár oibre ag teacht chun cinn i roinnt Ballstát chun athruithe riachtanacha a dhéanamh ar dhearaí cistithe agus críoch sciobtha ar chodanna gan críoch na scéimeanna éigeantacha nua – mar shampla, maidir le roghanna mainneachtana níos sábháilte, stíl mhaireachtála, caidhpeáil táillí, rialacha blianachtaí, an chéim íoca agus cumas glacadh le croitheadh. Déanfar muinín an phobail a mhúscailt agus a chothú i bpinsin chistithe arna mbainistiú go príobháideach má dhéantar an méid sin a chomhlíonadh. Leag an éigeandáil béim ar an mbealach ar chóir go mbeadh cistí pinsean mar oibreoirí suntasacha chun margaí airgeadais a chobhsú. Ba chóir go mbeadh rialachán níos fearr sa ghné Eorpach sa réimse seo agus sna réimsí eile.

Níos mó eolais anseo	
Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna	http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=443&langId=en
Tuarascáil iomlán ón gCoiste um Chosaint Sóisialta	http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=752&langId=en&moreDocuments=yes
Coiste um Chosaint Sóisialta	http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=758&langId=en
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta OECD	http://www.oecd.org/home
Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach Eurostat	http://epp.eurostat.ec.europa.eu
Dolceta	http://www.dolceta.eu

An Coimisiún Eorpach

Scéimeanna pinsean príobháideacha. A ról i bpinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2010 — 26 pp. — 14.8 × 21 cm

ISBN 978-92-79-15188-0
doi:10.2767/4902

Tá leasuithe ar chórais phinsean ar siúl i gcónaí. Tá Ballstáit ag dul i ngleic le dúshlán aosú daonra atá ag cur strus ar chórais phinsean reatha. Scrúdaíonn an bróisiúr seo an tábhacht a bhaineann le scéimeanna pinsean cistithe arna mbainistiú go príobháideach.
Tá sé ar fáil i bhformáid priontála i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis agus i bhformáid leictreonach sna teangacha oifigiúla eile de chuid an AE.

Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

Foilseacháin atá saor in aisce:

- ó Shiopa Leabhar an AE (http://bookshop.europa.eu);
- ag ionadaíochtaí nó ag toscaireachtaí an AE. Féadfaidh tú a sonraí teagmhála a aimsiú ar an Idirlíon (http://ec.europa.eu) nó facs a chur chuig +352 2929-42758.

Foilseacháin ar phraghas:

- ó shiopa leabhar an AE (http://bookshop.europa.eu);

Síntiúis ar phraghas: (e.g. sraith bhliantúil de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tuairiscí maidir le cásanna atá os comhair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):

- ó ghníomhaire díolacháin in Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_en.htm).

KE-32-10-215-GA-N

2010
Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

www.2010againstpoverty.eu

An bhfuil suim agat i **bhfoilseacháin** Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thógáil amach ó ***http://ec.europa.eu/social/publications***

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag ***http://ec.europa.eu/social/e-newsletter***

http://ec.europa.eu/social

www.facebook.com/socialeurope

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-15188-0

9 789279 151880